
# NUACHTLITIR NA SEACHTAINE

**18-01-16**



Ba mhaith liom fáilte is céad a chur roimh gach éinne ar ais ar scoil don bhliain 2016 agus guím athbhliain faoi shéan is faoi mhaise ar gach aon teaghlach a bhaineann leis an scoil.
*I would like to welcome everyone back to school for 2016 and to wish all of the families associated with the school a happy new year.*



Tá foirmeacha iarratais do Rang na Naíonáin do Mheán Fómhair 2016 ar fáil ón scoil anois. Caithfear iad seo a líonadh agus a sheoladh ar ais go dtí an oifig roimh dheireadh na míosa seo.
*Application forms for Junior Infants September, 2016 are now available from the school. These forms must be completed and returned to the office before the end of the month.*

## Ranganna Fidile/ Feadóige Móire/ Bainseó/ Maindilín

***Fiddle/ Flute/ banjo/ mandolin classes***

Tá tús curtha leis na Ranganna Ceoil agus ag éirí go hiontach leis na bpáistí. Bíonn na ranganna ar siúl gach Luan agus tá an-áthas orainn go bhfuil Pól Mac Reachtain ar fáil leis na ranganna a stiúradh. Má tá suim ag páistí ó Rang 2-6 sna ranganna, téigh i dteagmháil leis an oifig. Tá na huirlisí againn sa scoil ar fáil ar chíos €25 don bhliain.

**Fiddle:** Tosaitheoirí: 2.00-3.00 Meánleibhéal: 2.15-3.00. Ardleibhéal: 2.30-3.30

**Rang na Feadóige Móire**: 2.15-3.00 **Mandailín/Bainseó**: 2.30-3.00

Tá costas **€35 ar Téarma 2.** Déan cinnte do pháiste a bhailiú ag an am cuí.

*The Music Classes are up and running and the children are thoroughly enjoying them. The classes are every Monday and we are delighted to have Pól Mac Reachtain teach the class. If any child from 2nd-6th Class is interested in joining please contact the office.* ***The price for rental of school instruments is €25 for the year.*** *The price for* ***Term 2*** *of Music Classes is* ***€35.***

***Fiddle Class:***
*Beginners Class: 2.00-3.00. Intermediate Class: 2.15-3.00. Advanced Class: 2.30-3.30*

***Flute Class:*** *2.15-3.00* ***Mandolin/Banjo Class****: 2.30-3.00*

## Seirbhís Charúil




Bhí Seirbhís Charúil den scoth againn i mbliana. Bhí gach duine chomh sásta leis agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na múinteoirí ar fad a rinne an-obair chun é a chuir le chéile. Bíonn an t-úafás cleachtadh agus réamhobair i gceist agus tá an t-ádh linn go bhfuil foireann den scoth againn sa scoil a dhéanann an méid sin obair breise i gcónaí. Ár mbuíochas leis na bpáistí chomh maith a bhí chomh díograsach.
*Congratulations to all involved with our Christmas Carol Services, which were excellent. I would like to thank the teachers for all their hard work . A huge amount of practice and preparation is involved in putting these services together and we are so lucky to have such hardworking and dedicated teachers in the school who do extra work throughout the year.*

## Ranganna Giotár

Tá na ceachtanna giotár ar ais anois. Tá costas €70 i gceist don téarma seo
Is féidir dul chuig an rang ar an Máirt agus an t-airgead a íoc leis an Múinteoir Stiofán.
*The guitar lessons have started back. Lessons cost €70 this term. The classes run every Tuesday at 2.30pm and money can be paid directly to Múinteoir Stiofán.*

## Míoltóga Gruaige

Bíonn cásanna míoltóga gruaige sa scoil go minic. Táim ag iarradh ar gach aon thuismitheoir scrúdú mion a dhéanamh ar na paistí **(cailíní agus buachaillí) anocht**. Má tá míoltóga i ngruaig do pháiste laghasaigh anocht iad le do thoil. Caithfimid an fhadhb seo a réiteach láithreach. **Má thagann tú ar chás mhíoltóga i ngruaig do pháiste ná cuir ar scoil é / í le do thoil go dtí bhfuil an fhadhb réitithe**.



*There have been a number of cases of head lice reported in the school. I am asking all of the parents to give their children's heads **(boys and girls)** a thorough examination **tonight**. If there are head lice in your child's hair please treat accordingly. We need to eradicate this problem immediately. **If you discover that your child has head lice please do not send him / her to school until the problem has been cleared.***

## Múinteoirí

Fáilte roimh an Múinteoir Séamus Ó Tuama atá tosnaithe linn mar Mhúinteoir Tacaíocht Foghlama. Tá Múinteoir Sinéad Ní Dhurcáin anois ag múineadh na Naíonáin Mhóra. Faraor gear, chríochnaigh an Múinteoir Lynn ar an Aoine seo chaite. Guím gach rath uirthí sa todhchaí.

*We welcome our new Learning Support Teacher, Séamus Ó Tuama to the school. Séamus has taken Múinteoir Sinéad's place in Learning Support and Sinéad is now teaching the Senior Infants. Unfortunately Múinteoir Lynn finished working with us on Friday and I wish her all the best in the future.*
Tá lán fáilte roimh Emma Jane Nic Giolla Rua atá ar Shocrúchán Scoile faoi láthair le Rang na Naíonáin Beag agus roimh Fionnuala Ní Dhonnagáin atá le Rang a Ceathair.

*We welcome Emma Jane Nic Giolla Rua and Fionnuala Ní Dhonnagáin, who are doing their School Placement in Junior Infants and Fourth Class at the moment.*

Comhgairdeas leis an Múinteoir Sharon! Rugadh a buachaill álainn Séimí, Déardaoin 7-1-16. Tá Mamaí agus leanbh go breá.
*Congratulations to Múinteoir Sharon. A beautiful baby boy, Séimí, was born on Thursday 7-1-16. Mother and baby are well.*

## MS Readathon



Cuireadh críoch leis an MS Readathon roimh an Nollaig agus tá áthas orm a rá gur bhailigh na páistí €3,000 dóibh siúd atá ag fulaingt le Scléaróis Ilchodach. Bhain na páistí an-sult as agus iad ag súil leis na duaiseanna a fháil!

*The MS Readathon finished before Christmas and I am delighted to say that €3,000 was raised for sufferers of Multiple Sclerosis whilst at the same time motivating the children to read. The children enjoyed it and are looking forward to their prizes at the end!*

## Meabhrúcháin/ *Reminder*

*We are collecting the money for the hall, dancing, gymnastics, swimming and tin whistle classes now.*



*The price for the Infants is €30 for the year (hall, dancing, sport).*
*The price for the 1st-6th Class is €75 for the year (hall, dancing, sport, swimming, and tin whistle lessons).*
*Please send in the money as soon as possible if you have not paid to date. If you have any problems with this, please do not hesitate to contact the office in confidence.*

Táimid ag bailiú an airgid don halla, rince, gleacaíocht, snámh agus don fheadóg stáin. Tá costas €30 i gceist do na Naíonáin don bhliain - (halla, rince, spórt)
Tá costas €75 do pháistí Rang a 1 - 6 don bhliain - (halla, rince, spórt, snámh, ceachtanna feadóige stáin).
Má tá aon fhadhb ann, ná bíodh drogall oraibh labhairt go príobháideach leis an oifig.

**Íoc ar líne/ Pay online**

Iban: IE96 AIBK9335 1105 8772 99
BIC: AIBKIE2D
Nuair atá tú ar líne gliogáil ar Add Payee, líon isteach an t-eolas agus is féidir do bhillí a íoc díreach isteach i gcuntas na scoile. Ná déan dearmad ainm/rang do pháiste a chur sna sonraí m.sh. Seán Ó Broin R3. Má theastaíonn uait eolas breise a thabhairt d'Éilís is féidir ríomhphost a sheoladh chuig gncamoige@gmail.com.
Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na tuistí sin atá tar éis billí a íoc cheana féin agus an modh seo in úsáid acu. Más mian leat íocaíocht a dhéanamh ar líne beidh na sonraí seo a leanas ag teastáil:
Iban agus Bic na scoile
*Iban: IE96 AIBK9335 1105 8772 99*
*BIC: AIBKIE2D*
*When banking online, click Add Payee, fill in these details and you can pay directly into the school account. Please ensure that you fill in your Child's name and Class on the account e.g Seán Ó Broin R3. If you need to clarify what the payment is for please send an email to gncamoige@gmail.com*
*We highly recommend this method of payment. It increases efficiency and security for the office and for parents. I would like to thank parents who have paid by this method to date.*

## Seachtain na Gaeilge

Beidh Seachtain na Gaeilge á cheiliúradh againn sa scoil ó 7- 11 Márta faoi stiúr an Múinteoir Sandra agus an Coiste Gaeilge. Beidh an tseachtain lán le gníomhaíochtaí, cuairteoirí agus spraoi do gach rang. *We will be celebrating Seachtain na Gaeilge from the 7th to the 11th March in the school, organised by Múinteoir Sandra and the Gaeilge Committee. The week will be packed with activities, visitors, and fun for all the classes.*

**Tinreamh/ *Attendance- Reminder***

Glaonn na múinteoirí an Rolla gach maidin de réir Pholasaí na Roinne. Má tá do pháiste déanach nó as láthair ag am an Rolla níl aon bhealach leis an Rolla a athrú. Tá córas nua leictreonach i bhfeidhm againn i mbliana agus téann Tinreamh na bpáistí díreach chuig na Roinne gach maidin. *The teachers call the roll every morning in accordance with Department of Education Policy. If your child is late or is not present at the time of roll call there is no provision for adjusting the Roll Book. We are operating a new system in the school this year and the roll is now recorded electronically and sent to the Department.*

***CAIRDE***

Cairde would like to wish everyone a happy New Year. We had a great start to the new term with our coffee morning and uniform swap on Thursday.
Funds raised from Bag packing: €1057.50 Carol Singing: €740.00

Calendars: €1,407.00 (still waiting on ad payments to come in so this should be nearer to €1,700.00)

We would like to thank all of the parents for their support. The next Cairde meeting will be on Monday 25th January at 9.00am in the Áras.

**Comórtas Scoile Scratch**

Comórtas Ríomhaireachta nua sa scoil eagraithe ag an gCuntóir Ranga, Dee!
*A new Computer Competition organised by our SNA, Dee!*

- Ag íoslódáil Scratch / *Downloading Scratch*
  Téigh go / *go to*: scratch.mit.edu/scratch2download
- Íoslód/ *Download* a) Adobe b) Scratch offline editor
  Bain taitneamh as do chartún a chur le chéile. / *Enjoy creating your cartoon*
- Bí cinnte de go bhfuil do chartún sábháilte m.sh: Ciarán Ó T. R4
  *Make sure to save your cartoon using your name and class, e.g Ciarán Ó T. R4*
- Gach cartún le bheith istigh roimh **29 Eanáir**. *All cartoons must be in by **January 29th***
- Seol do chartún go / *send to*:-scratchnacamoige@hotmail.com
- Rachaidh na buaiteoirí ranga ar aghaidh chuig an comórtas náistiúnta
  *Class winners will go on to the scratch National Competition the fallowing week*

Aoife Ní Raghallaigh

Príomhoide